| | |
|---|---|
| **Teideal an Nós Imeachta:** | Nósanna Imeachta Araíonachta i ndáil le Mic Léinn |
| **Cur Síos:** | Is é cuspóir an cháipéis nós imeachta seo ná cur in iúl go soiléir céard iad na próisis i gcomhair mac léinn nuair a ghlacann MIE gníomh araíonachta agus le haghaidh mac léinn atá ina ábhar do ghníomh araíonachta ionas go dtuigeann gach duine atá i gceist a gcuid ceart agus oibleagáidí. |
| **Údar (Post):** | An Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla |
| **Leagan:** | 1 |
| **Arna Fhaomhadh ag:** | Bord Rialaithe IOM |
| **Dáta Faofa an Nós Imeachta:** | Eanáir 2019 |
| **Dáta an Chéad Athbhreithnithe Eile ar an Nós Imeachta** | Aibreán 2023 (nó mar is gá) |

# Nósanna Imeachta Araíonachta i ndáil le Mic Léinn

## 1. Comhthéacs

Is mian le hInstitiúid Oideachais Marino (MIE) a áirithiú go gcoinníonn sí na caighdeáin is airde is féidir ina cuid gníomhaíochtaí go léir. Tá MIE freagrach as cóid iompair agus cóid iompraíochta caighdeánacha agus comhaontaithe a chur chun cinn laistigh de MIE. Is í aidhm an bheartais seo ná cothromaíocht a bhaint amach idir ceartas don mhac léinn leis an ngá le haraíonacht i MIE. Ba cheart go mbeadh nósanna imeachta araíonachta cóir agus comhionann ar fud MIE.

## 2. Cuspóir

2.1. Is é cuspóir an cháipéis nós imeachta seo ná cur in iúl go soiléir céard iad na próisis i gcomhair mac léinn nuair a ghlacann MIE gníomh araíonachta agus le haghaidh mac léinn atá ina ábhar do ghníomh araíonachta ionas go dtuigeann gach duine atá i gceist a gcuid ceart agus oibleagáidí.

2.2. Bíonn gach mac léinn faoi cheangal bheartais MIE ar nós an Ráiteas ar Chosaint Leanaí, an Beartas Cosanta: Leanaí, an Beartas Cosanta: Daoine Leochaileacha, an Beartas Dínite agus Measa, Beartas um Úsáid Inghlactha i MIE agus Cód Iompair do Bhaill & Mhic Léinn MIE um Úsáid Chórais TF, Nós Imeachta chun Cásanna de Bhradaíl Amhrasta a Chosc agus Déileáil leo.

2.3. Tugtar cur síos sonrach ar an nós imeachta atá le leanúint i gcás ciontaí tromchúiseacha den sórt sin sa nós imeachta seo (Féach ar Chuid 6).

## 3. Tairbhí

Tá an nós imeachta araíonachta deartha chun cabhrú le mic léinn a bhfuil amhras faoina n-iompar, nó a bhfuil an n-iompar de chaighdeán míshásúil, agus ba cheart a thionscain a mheas mar deis a thabhairt le feabhas a dhéanamh.

## 4. Prionsabail

Measann MIE gur cheart go mbeadh eolas cuimsitheach ag na Bainisteoirí i MIE atá freagrach as nósanna imeachta araíonachta a chur i bhfeidhm ar na nósanna imeachta sin agus go mbeadh a fhios acu conas agallaimh agus éisteachtaí araíonachta a stiúradh. Déanfaidh MIE cinnte go gcuirfear oiliúint leordhóthanach orthu i gcomhair na freagrachta tábhachtaí sin.

4.1. Tá na nósanna imeachta seo ag teacht le próis chuí, próis chóir, ceartas aiceanta agus ceart na mac léinn chun a dTeagascóir nó duine dá rogha féin a thógáil in éineacht leo

agus/nó ionadaíocht a bheith déanta orthu acu[1]. Ní fhéadfaidh aon duine nó chomhlacht eile nach bhfuil ceangal acu leis an Institiúid ionadaíocht a dhéanamh ar an mac léinn.

4.2. Déanfaidh MIE cinnte go dtabharfar faoi chleachtas ceart um aimsiú fíricí cearta. D'fhéadfadh go gcuirfí agallaimh ar na páirtithe go léir lena mbaineann mar chuid den chleachtas sin. Ag gach céim tabharfar faoi nósanna imeachta araíonachta chomh agus is féidir agus aird tugtha ar an ngá le cinntiú go bhfuil an ceart déanta agus go dtugtar le fios go bhfuil sé déanta. D'fhéadfaí teorainneacha ama a athrú ag céim ar bith ach toiliú comhpháirteach a fháil.

4.3. Tá oibleagáid ar MIE agus ceart aige chun ábha(i)r a choimeád i gcomhaid na mac léinn. Coimeádfaidh MIE taifead scríofa de gach cruinniú araíonachta, a chuimseoidh sonraí faoi chás an mhic léinn, freagairt na Bainistíochta agus toradh an chruinnithe. Iarrfar ar an mac léinn aontú agus taifead den chruinniú a shíniú, tar éis dóibh dul i gcomhairle lena n-ionadaí. Áit a dtugtar rabhadh béil foirmiúil nó rabhadh scríofa, coimeádfaidh MIE taifid i gcomhad an mhic léinn ina dtabharfar sonraí faoi nádúr aon sárú araíonachta, faoin ngníomh a glacadh agus na cúiseanna leis, dáta an ghnímh a glacadh, cibé acu ar lóisteáladh achomharc, an toradh air agus aon fhorbairtí ina dhiaidh sin. Déileálfar go rúnda le gníomh araíonachta an oiread is féidir.

4.4. Beidh aon ghníomh araíonachta cuí ó thaobh na heasumhlaíochta, na neamhinniúlachta, na mí-éifeachtúlachta nó an mhí-iompair a socraíodh. Beidh déileáil chomhsheasmhach i gceist i gcásanna den chineál céanna. Má eisítear rabhaidh bhéil agus/nó scríofa chuig fostaithe le haghaidh cineálacha difriúla fadhbanna agus/nó easnamh measfar go mbaineann siad lena chéile. Tá sé de cheart ag MIE mac léinn a chur ar fionraí ar feitheamh fiosrúcháin i gcásanna ciontaí móra.

4.5. Tógfar san áireamh aon chúinsí maolaitheacha agus taifead an mhic léinn atá i gceist roimhe sin.

## 5. Sainmhínithe

5.1. Ciontaí Mionchúiseacha

I gcás ciontaí mionchúiseacha d'fhéadfaí go ngearrfaí fíneáil ar mhac léinn. I gcás ciontaí mionchúiseacha, áit a n-aontaítear ar fhíricí an cháis, d'fhéadfadh go nglacfaí raon de ghníomhartha ó fhíneáil go leithscéal foirmiúil leis an bpáirtí a ndearnadh éagóir orthu a iarraidh. Tá sé de theideal ag mic léinn duine dá rogha féin - a dTeagascóir1 de ghnáth a

[1] Féach ar Bheartas Chóras na dTeagascóirí agus Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí

thógáil sin éineacht leo chuig gach agallamh. Sa liosta seo a leanas cuirtear síos ar smachtbhannaí a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm i gcásanna a thógtar os comhair an Déin. Sa liosta leagtar béim ar na ciontaí is coitianta agus liosta eiseamláireach seachas liosta cuimsitheach atá ann. Níl an Déan faoi cheangal aon earráide nó easnaimh sa liosta eiseamláireach seo a leanas. Is é an príomhchuspóir a bhaineann leis an bhféidearthacht go ngearrfaí smachtbhanna ná cosc seachas cúiteamh: tá sé chun leas gach duine nuair a chloítear leis na rialacháin go léir.

a. <u>Aoi/aíonna neamhúdaraithe in áiteanna cónaithe:</u> Tá an Cónaitheoir dlite in íde béil, fíneáil de suas le €150, agus tarraingt siar fhéideartha pribhléidí aoi ar bhonn sealadach nó buan fiú nó meascán ar bith de na nithe sin. Cuirtear i gcuimhne d'aíonna nach mór dóibh déanamh cinnte go bhfuil siad "sínithe isteach" i gceart ar mhaithe lena sábháilteacht féin. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh go mbeadh aoi neamhúdaraithe dlite in íde béil, i bhfíneáil suas le €150, agus bheith faoi úrchosc ó áiteanna cónaithe MIE ar bhonn sealadach nó buan fiú nó aon mheascán díobh sin.

b. <u>Páirtí neamhúdaraithe:</u> Tá an Cónaitheoir dlite in íde béil, fíneáil suas le €500, agus tarraingt siar fhéideartha phribhléidí páirtí ar bhonn sealadach nó buan fiú nó meascán ar bith de na nithe sin. D'fhéadfadh go mbeadh páirtí neamhúdaraithe dlite in íde béil, i bhfíneáil suas le €200, agus a bheith faoi úrchosc ó áiteanna cónaithe MIE ar bhonn sealadach nó buan fiú nó meascán ar bith díobh sin.

c. <u>Fual a dhéanamh in áit phoiblí laistigh de MIE:</u> Cion oird phoiblí atá i gceist leis seo agus mar gheall air sin, d'fhéadfadh go dtarraingeofaí aird na ngardaí air. Gearrtar fíneáil de €100 as gach cion.

d. <u>Dreapadh thar bhallaí nó gheataí MIE:</u> Déileáiltear mar ábhar an-tromchúiseach leis an gcion seo mar, seachas an fhíric go bhfuil sé i gcoinne rialacháin MIE, tá sé contúirteach ann féin agus is dóchúil go mbeidh sé freagrach as díobháil thromchúiseach mac léinn nó bás féideartha aon mhic léinn a thriaileann a leithéid de ghníomh. Tabharfaidh mic léinn a bheirtear orthu agus iad ag dreapadh thar na ballaí nó na geataí aghaidh ar fhíneáil de €250.

e. <u>Gníomhaíochtaí a chuireann sláinte nó sábháilteacht daoine eile i mbaol:</u> I gcás bainte d'aláraim dóiteáin, de threalamh sábháilteachta dóiteáin agus gníomhaíochtaí eile a chuireann daoine eile i gcontúirt nó i mbaol díobhála gearrfar fíneáil €100 i gcás gach eachtra faoi seach ar gach duine faoi seach a ghabhann don ghníomhaíocht.

f. <u>Mainneachtain imeacht ó fhoirgneamh i gcás aláram dóiteáin:</u> Tugann cónaitheoirí nó aíonna nach n-imíonn ó fhoirgneamh inar buaileadh aláram dóiteáin aghaidh ar fhíneáil de €100.

g. Mí-úsáid ID MIE/aitheantas cónaithe (ID) MIE: Is iad an mac léinn MIE ar eisíodh chucu iad atá freagrach as ID MIE agus/nó eochair/eochracha cónaithe MIE. Is cion é an modh ID sin a thabhairt do pháirtí eile, bíodh go bhfuil nó nach bhfuil siad ina mball de MIE. Is cion é an ID sin a úsáid go bréagach. Áit a n-úsáidtear ID MIE nó eochair/eochracha cónaithe MIE bíonn an bheirt pháirtithe dlite agus d'fhéadfadh go dtabharfaí íde béil dóibh agus mbeidís dlite as fíneáil suas le €150. I gcás go n-úsáidtear go mícheart eochair/eochracha cónaithe MIE d'fhéadfadh go dtarraingeofaí siar pribhléidí aoi an chónaitheora ar bhonn sealadach nó buan fiú. Maidir leis an mac léinn a fhaightear go bhfuil eochair/eochracha cónaithe MIE i gcás den sórt sin d'fhéadfadh go mbeidís faoi úrchosc ó áiteanna cónaithe MIE ar bhonn sealadach nó buan fiú.

5.2. Cion Tromchúiseach

I gcás ciontaí tromchúiseacha d'fhéadfadh go gcuirfí mac léinn amach as MIE. Tá sé de theideal ag mic léinn duine dá rogha féin - a dTeagascóir de ghnáth - a thógáil in éineacht leo chuig gach agallamh cé nach gnách go mbíonn gá leis sin ach i gcás ciontaí tromchúiseacha. Is gnách go mbreathnófaí ar na samplaí seo a leanas mar chiontaí tromchúiseacha:

a. Iompar a dhéanann foréigean do dhuine nó dochar do réadmhaoin, nó a d'fhéadfadh a bheith freagrach astu;

b. Iompar a chuireann bac air, nó a d'fhéadfadh bac a chur ar reáchtáil, nó cosc a chur an gcuspóir le reáchtáil, aon léachta, ranga nó treorach eile a thugann an Institiúid, nó aon obair saotharlainne nó taighde ar bith san Institiúid, nó cruinniú, éisteacht nó ócáid ar bith (gníomhaíochtaí riaracháin agus spóirt san áireamh) atá údaraithe le tarlú san Institiúid;

c. Cur isteach go mór ar nó srian neamhréasúnta a chur ar aon bhall den Institiúid agus é/í ag comhlíonadh a c(h)uid dualgas;

d. Goid, calaois nó mí-úsáid i ndáil le cistí nó réadmhaoine de chineál ar bith i MIE;

e. Ciontaí i ndáil le céimeanna nó dioplómaí, scrúduithe nó tástálacha bliantúla arna ndéanamh ag an Institiúid lena n-áirítear diúlta, gan chúis mhaith, le cloí le treoracha nó le hiarratas dlíthiúil feitheora;

f. Bréagnú nó mí-úsáid tromchúiseach thaifid MIE, lena n-áirítear páir chéime nó dioplóma;

g. Iompar fealltach nó pearsanú duine eile, laistigh nó lasmuigh den Institiúid, i ndáil le gnóthachtálacha acadúla nó dámhachtainí airgid;

h. Diúltú nó mainneachtain fíneáil a íoc nó cloí le pionóis ar bith (faoi réir an chearta

chun achomhairc is infheidhme) arna ngearradh ag an Déan nó ag Leabharlannaí[2];

i. Diúltú do chárta ID Mic Léinn nó modh aitheantais eile atá inghlactha a thaispeáint ar iarratas an Déin, nó duine ar bith dá gcuid cúntóirí nó aon Oifigeach Slándála Institiúide;

j. Ciapadh gnéis, lena n-áirítear iarracht ar bith iallach a chur ar bhall de MIE gabháil do chaidreamh gnéis nach bhfuil á iarraidh acu nó aird ghnéis nach n-iarrtar a dhíriú ar an duine sin, nó pionós a chur orthu má dhiúltaíonn siad cloí leis, nó timpeallacht oibre, oideachais nó sóisialta a chruthú atá imeaglach, doicheallach nó ciontach ó maslach ó thaobh gnéis.

## 6. Nós Imeachta

### 6.1. **Ciontaí a Thuairisciú**

6.1.1. Ní mór fógra a thabhairt don Déan faoi chion araíonachta ar bith a bhfuil sé líomhanta go ndearna mac léinn é. Is gnách go mbeidh an duine ar a bhfuil cúram leagtha as réimse áirithe den Institiúid (mar shampla, an Cláraitheoir i gcás scrúduithe) freagrach as an fógra sin a thabhairt. Sárú ar rialacháin MIE a bheidh i gceist le haon chion intuairiscithe, ach amháin filleadh deireanach leabhair Leabharlainne, áit a ngearrfaidh an Leabharlannaí an pionós2. Ní mór fógra faoi chion líomhanta a thabhairt don Déan, chomh luath is féidir tar éis go n-aithnítear an ciontóir líomhanta.

6.1.2. I MIE, cleachtfaidh an Déan na nósanna imeachta agus na meicníochtaí achomhairc a bheidh comhionann leo siúd a bhfuil cur síos orthu thíos.

6.1.3. Ní chuirfear cion i leith mic léinn ar bith ar cion é a cuireadh ina leith roimhe sin agus go bhfuarthas go raibh siad neamhchiontach.

### 6.2. **Nósanna Imeachta le Leanúint ag an Déan**

6.2.1. Áit a dtugtar fógra don Déan faoi chion araíonachta líomhanta, tabharfaidh siad nóta don mhac léinn faoi na rialacháin shonracha Institiúide a líomhnaítear an mac léinn fúthu agus, ach amháin áit nach bhfuil an mac léinn ar fáil, cuirfidh siad agallamh ar an mac léinn chomh luath agus is féidir go praiticiúil tar éis fógra a fháil faoin gcion líomhanta. Tabharfar deis iomlán don mhac léinn, ag an agallamh sin, trácht a dhéanamh ar na líomhaintí atá déanta ina leith.

6.2.2. Tar éis an agallaimh, cinnfidh an Déan an bhfuil cás déanta in aghaidh an mhic léinn agus, má tá, cibé acu, i gcás gach ceana atá i gceist, an cion mionchúiseach nó tromchúiseach

---

[2] Féach ar an [mBeartas maidir le Rochtain ar an Leabharlann agus Iasachtaí]

atá i gceist.

6.2.3. Gan dochar do chumhacht ghinearálta an Déin chun cinneadh cibé acu gur cion mórchúiseach nó mionchúiseach atá i gceist le cion (féach ar Chuid 5 le haghaidh sainmhínithe).

6.3. **Nós Imeachta Achoimre i dtaobh Ciontaí Mionchúiseacha**

6.3.1. Áit a bhfaigheann an Déan go bhfuil cion mionchúiseach déanta ag mac léinn, gearrfaidh sí pionós a mheasfaidh sí a bheith cuí.

6.3.2. I measc na bpionós a d'fhéadfadh an Déan a ghearradh tá;

a. Fíneáil
b. Ordú a eisíonn mac léinn go sealadach ó MIE nó ó áiteanna sonraithe i MIE
c. Ordú a chuireann cosc ar mhac léinn ó fheithicil a thiomáint laistigh de MIE
d. Ordú a chuireann cosc ar mhac léinn ó ócáidí sonraithe laistigh a reáchtáil laistigh de MIE nó freastal orthu
e. Ordú a chuireann srian le líon na n-aíonna a d'fhéadfadh mac léinn a óstáil ina seomra
f. Ordú chun leithscéal scríofa a dhéanamh le páirtí a ndearnadh éagóir orthu.

6.3.3. Is í an fhíneáil uasta a fhéadfaidh an Déan a ghearradh i gcás ceana mhionchúisigh ar bith ná €500. Ina theannta sin féadfaidh an Déan ceangal ar mhac léinn cúiteamh a dhéanamh i ndochar a thagann chun cinn ó chion mionchúiseach.

6.3.4. Is gnách nach mór don Déan déileáil go hiomlán le gach cion mionchúiseach laistigh de 21 lá oibre ón bhfógra sin a fháil. Féadfaidh an Déan an tréimhse ama sin a shíneadh díreach áit ar gá é sin a dhéanamh chun leas an mhic léinn, mar shampla, áit nach mbíonn an mac léinn ar fáil go sealadach i gcomhair agallaimh.

6.3.5. Téann achomharc ó phionóis ar bith nó aon ordú forchúitimh arna fhorchur ag an Déan i dtaobh ceana mhionchúisigh agus ó aon phionóis as filleadh deireanach leabhair leabharlainne[3], chuig an bPainéal Fiosrúcháin. Ní mór an t-achomharc sin a lóisteáil leis an gCláraitheoir laistigh de sheacht lá oibre ó fhógra a bheith faighte ag an Déan faoi chinneadh an Déin nó faoi phionóis eile.

6.4. **Nós Imeachta Achoimre le Cead i gcás Ciontaí Tromchúiseacha**

6.4.1. Áit a bhfaigheann an Déan go ndearna mac léinn cion tromchúiseach cinnfidh siad cibé acu an ceart déileáil le nós imeachta achomair nó tríd an ábhar a chur ar aghaidh go

[3] Féach ar an mBeartas maidir le Rochtain ar an Leabharlann agus Iasachtaí

Painéal Fiosrúcháin.

6.4.2. Ní fhéadfaidh an Déan déileáil le cion achomhair trí nós imeachta achomair ach sna cásanna seo a leanas agus sna cásanna sin amháin:

a. Admhaíonn an mac léinn go bhfuil siad freagrach agus ceadaíonn siad i scríobh don nós imeachta sin, agus

b. Tá an Déan den tuairim, agus aird tugtha ar na cúinsí go léir agus, go háirithe an raon pionós atá ar fáil, gur cuí déileáil leis an gcás le nós imeachta achomair

6.4.3. I gcás aon cheana thromchúisigh a bhaineann le gníomhaíocht acadúil, sula ndéanfaidh siad cinneadh, féachfaidh an Déan chuig tuairimí an Chláraitheora a chloisteáil agus a thógáil san áireamh lena n-áirítear a dtuairimí maidir le pionós cuí, agus cuirfear an mac léinn ar an eolas faoi na tuairimí sin.

6.4.4. Áit a gcinneann an Déan déileáil le cion mór le nós imeachta achomair, tabharfaidh sé cuireadh don mhac léinn aighneachtaí a dhéanamh mar mhaolú nó a bhaineann ar bhealach eile le pionós cuí. Beidh sé de cheart ag an mac léinn na haighneachtaí sin a dhéanamh i scríbhinn nó ó bhéal agus tá cead acu ionadaí dá rogha féin a bheith acu agus é sin á dhéanamh acu.

6.4.5. Áit a ndéileáiltear le cion tromchúiseach go hachomair, gearrfaidh an Déan pionós a mheasfaidh sí a bheith cuí. I measc na bpionós a d'fhéadfadh an Déan a ghearradh tá;

a. Cur ar fionraí ar feadh bliana
b. Dícháiliú ó scrúdú
c. Fíneáil nach sáróidh €500 i dtaobh gach ceana thromchúisigh, agus pionós eile atá sonraithe i gCuid 5.3.2 thuas.

6.4.6. Is gnách nach mór don Déan déileáil go hiomlán le gach cion tromchúiseach a dtugtar fógra fúthu agus atá faoi réir nósanna imeachta achoimre laistigh de 21 lá oibre ón bhfógra sin a fháil. Féadfaidh an Déan an tréimhse ama sin a shíneadh díreach áit ar gá é sin a dhéanamh chun leas an mhic léinn, mar shampla, áit nach mbíonn an mac léinn ar fáil go sealadach i gcomhair agallaimh.

6.4.7. Féadfaidh mac léinn a gcuirtear cion mórchúiseach ina leith a gcead don nós imeachta achomair uair a tharraingt siar ar bith, agus sa chás sin ní mór don Déan an cás a chur ar aghaidh go Painéal Fiosrúcháin. Má tá mac léinn míshásta leis an bpionós a ghearrann an Déan i dtaobh ceana thromchúisigh, féadfaidh cur faoi deara, trí hiarratas i scríobh a chur chuig an Déan laistigh de sheacht lá oibre ó fhógra a fháil faoin bpionós, go gcuirfí an cás ar aghaidh chuig Painéal Fiosrúcháin. Áit a gcuirtear

cás ar aghaidh chuig Painéal Fiosrúcháin, ní ghlacfar le fianaise ar bith a bhaineann le haon imeachtaí achoimre roimhe sin.

6.5. **Nós Imeachta Roimh Thriail i dtaobh Ciontaí Tromchúiseacha nach nDéileáiltear leo go hAchomair**

6.5.1. Áit a bhfaigheann an Déan go ndearnadh cion tromchúiseach agus nach

a. nglacann Mac léinn le freagracht, nó

b. Áit nach dtoilíonn an mac léinn go ndéileálfaí leis an gcás le nós imeachta achomair, nó

c. Áit a dtarraingíonn an mac léinn siar a gcead don nós imeachta achomair nó a dtugann siad fógra don Déan nach nglacann siad leis an bpionós a gearradh ag an Déan tar éis nós imeachta achomair, nó

d. Áit a bhfuil an Déan den tuairim nach cuí déileáil leis an gcás le nós imeachta achomair,

e. Ní mór don Déan an cás a chur ar aghaidh chuig Painéal Fiosrúcháin.

6.5.2. Cuirfear cás ar aghaidh chuig Painéal Fiosrúcháin trí fhógra scríofa a thabhairt don Chláraitheoir, ina bhfuil gach cúiseamh i gcoinne an mhic léinn sonraithe go gairid. Ní mór go bhfaigheadh an Cláraitheoir an fógra sin, ar na cúinsí (a), (b) agus (d) thuas, laistigh de 21 lá oibre ón dáta ar a bhfuair an Déan fógra ar dtús faoin gcion dá réir. I gcás (c) thuas, ní mór go bhfaigheadh an Cláraitheoir an fógra laistigh de sheacht lá oibre ón dáta ar a bhfuair an Déan fógra go raibh cead tarraingthe siar ag an mac léinn nó nár ghlac siad leis an bpionós.

6.5.3. Má chuirtear cion tromchúiseach i leith mic léinn a cuireadh ar aghaidh chuig Painéal Fiosrúcháin gheobhaidh an mac léinn toghairm in ainm an Phainéil, agus í sínithe ag nó thar ceann Chathaoirleach an Phainéil, trí sheachadadh taifeadta nó trí phost cláraithe nó trí sheachadadh pearsanta ag aon Oifigeach i MIE, agus gach cúiseamh sonraithe go gairid agus í ag ceangal air teacht os comhair an Phainéil le fógra 10 lá oibre ar a laghad. Beidh cóip de na rialacháin araíonachta seo in éineacht leis an toghairm agus tarraingeofar aird ach go háirithe ar cheart an mhic léinn chun ionadaíochta, a gceart chun fianaise scríofa a chur isteach agus a gceart chun cibé finnéithe a d'fhéadfaidís a mheas a bheith cuí, a ghlaoch mar chosaint.

6.5.4. Ní mór don mhac léinn, trí lá oibre ar a laghad roimh an éisteacht, fógra a thabhairt i scríbhinn do Chathaoirleach an Phainéil faoi ainmneacha agus sheoltaí na bhfinnéithe a bhfuil sé beartaithe acu a ghlaoch, agus cóip a thabhairt don Chathaoirleach de cháipéisí ar bith a bhfuil sé beartaithe acu a chur isteach ag an éisteacht. Ní mór cóipeanna de gach saghas cumarsáide den sórt sin a chur ar fáil don Déan chomh luath is féidir tar éis go bhfaigheann an Cathaoirleach iad.

6.5.5. Ní mór don Déan, trí lá oibre ar a laghad roimh an éisteacht, cur faoi deara go seirbheálfaí na cáipéisí seo a leanas ar an mac léinn agus ar Chathaoirleach an Phainéil Fhiosrúcháin:

i. Ráiteas faoi na cúisimh i gcoinne an mhic léinn;

ii. Liosta de na finnéithe a bhfuil sé beartaithe ag an Déan a ghlaoch;

iii. Achoimre i scríbhinn ar an bhfianaise a mholtar gur cheart do gach duine acu a thabhairt;

iv. Liosta foilseán (más ann dóibh).

6.5.6. Beidh sé de cheart ag an mac léinn gach foilseán a iniúchadh.

6.5.7. Ag am ar bith féadfaidh an Déan, le cead Chathaoirleach an Phainéil Fhiosrúcháin, cur faoi deara go seirbheálfaí ar an mac léinn agus go dtaispeánfaí don Phainéal ráiteas breise faoin bhfianaise atá le tabhairt ag finné ar bith, nó ráiteas ó fhinné nua nár tugadh a n-ainm don mhac léinn roimhe sin. Tabharfaidh an Cathaoirleach an cead sin, ach má chreideann nach mbeadh sé cóir don mhac léinn dá nglacfaí le hiarratas an Déin.

6.6. **An Painéal Fiosrúcháin**

6.6.1. Seo a leanas cúraim an Phainéil Fhiosrúcháin:

a. Éisteacht le hachomhairc ag eascairt ó chinntí agus phionóis arna ngearradh ar mhic léinn ag an Déan, an Leabharlannaí nó páirtí ábhartha eile i MIE;

b. Éisteacht le cásanna ciontaí tromchúiseacha a gcuireann an Déan ar aghaidh chuige;

c. Ábhair a mheas a gcuireann an Bord Rialaithe siar chuige

6.6.2. Beidh an Painéal Fiosrúcháin déanta suas de thriúr ball foirne acadúil lánaimseartha agus de thriúr mac léinn ón Institiúid, agus iad go léir roghnaithe go randamach le haghaidh gach cáis, agus Cathaoirleach. Duine a mbeidh oiliúint dhlíthiúil faighte acu a bheidh sa Chathaoirleach agus ceapfar ag an mBord iad le toiliú Aontas na Mac Léinn chun seirbheáil ar feadh trí bliana nó go dtí scor má tharlaíonn sé sin níos luaithe. Beidh an Cathaoirleach incháilithe um cheapadh arís.

6.6.3. Féadfaidh an Bord Leaschathaoirleach a cheapadh chomh maith, de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha céanna leis an gCathaoirleach, a ghníomhóidh mar Chathaoirleach i gcás ar bith nuair nach féidir leis an gCathaoirleach gníomhú. Ní fhéadfaidh an Déan ná a gcuid cúntóirí ná baill den Bhord ná aon duine eile a mheasann an Cathaoirleach go mbaineann an éisteacht lena leas díreach, bheith ina mbaill den Phainéal Fiosrúcháin.

6.6.4. Cuirfear baill foirne agus mic léinn nua ar an bpainéal le haghaidh gach ceana, nó le haghaidh gach grúpaí ciontaí a eascraíonn ón eachtra nó ón ócáid chéanna. Beidh sé de

dhualgas ar an gCláraitheoir an painéal sin a shocrú agus beidh sé de dhualgas ar an gCathaoirleach a chinneadh an féidir na ciontaí sin a chur i ngrúpa. Féadfaidh an Cathaoirleach, ar chúinsí eisceachtúla, lena threoir, aon duine a scaoileadh ó sheirbheáil ar an bPainéal. I gcás ar bith lena mbaineann líomhain ciaptha ghnéis, beidh fear amháin agus bean amháin ar a laghad i measc bhaill phainéal na mac léinn. Tabharfar deis do na páirtithe cur i gcoinne, ar chúiseanna sonraithe, sheirbheáil mic léinn áirithe nó baill áirithe den fhoireann acadúil mar bhall den phainéal. Cinnfidh an Cathaoirleach cibé acu an seasfar nó nach seasfar leis an agóid sin.

6.6.5. Féadfaidh páirtí mic léinn in imeachtaí os comhair an Phainéil Fhiosrúcháin leas a bhaint as ionadaíocht ghairmiúil nó ionadaíocht a dTeagascóra[4] nó duine ar bith dá rogha féin. Féadfaidh an Déan, nó páirtí Oifigeach MIE eile in imeachtaí os comhair an Phainéil Fhiosrúcháin, leas a bhaint as ionadaíocht freisin.

6.6.6. Beidh éisteachtaí an Phainéil Fhiosrúcháin oscailte do bhaill den Institiúid. Féadfaidh an Cathaoirleach dá rogha féin cibé srianta a chur le hiontrálacha agus a mheastar a bheith riachtanach chun cinntiú go stiúrtar imeachtaí go heagraithe. Féadfaidh an Cathaoirleach, ar iarratas an mhic léinn nó an Déin nó dá rogha féin, iarraidh go ndéanfaí imeachtaí a stiúradh go príobháideach má mheasann sé go bhfuil cúiseanna maithe lena dhéanamh. Ní fhéadfaidh an Cathaoirleach an t-ordú sin a dhéanamh gan chead gach páirtí mic léinn sna himeachtaí ach amháin má tá cúiseanna láidre lena dhéanamh.

6.6.7. Ní mór don Phainéal Fiosrúcháin cloí le nósanna imeachta foirmiúla agus ní mór dó a ghnó a stiúradh de réir na rialacha atá leagtha amach anseo, faoi réir cibé leasuithe agus breisithe a d’fhéadfadh an Bord a fhaomhadh ó am go chéile. Beidh sé de dhualgas ar an gCathaoirleach, faoi réir na rialacha thuasluaite, rialuithe a dhéanamh maidir le hábhair nós imeachta.

6.6.8. Fágtar faoin bpainéal Fiosrúcháin rogha a dhéanamh faoi na pionós a d’fhéadfaí a mholadh i dtaobh ciontaí tromchúiseacha, faoi réir seicheamh breise na nósanna imeachta araíonachta. I measc na bpionós a d’fhéadfadh a bheith san áireamh tá íde béil, fíneáil, dícháiliú ó scrúdú, cur ar fionraí ó phribhléidí acadúla agus eile, díbirt go sealadach ó nó cur as MIE, chomh maith le, i gcás dochair do réadmhaoin nó d’áitreabh, ceanglas cúiteamh as an dochar go hiomlán nó i bpáirt.

[4] Féach ar Bheartas Chóras na dTeagascóirí agus Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí

6.6.9. Beidh ball foirne lánaimseartha ó MIE ag freastal ar an bPainéal Fiosrúcháin. I ngach cás, cibé acu cásanna de chiontaí tromchúiseacha líomhanta nó achomhairc nó ábhair arna gcur faoina bhráid ag an mBord nó Cuairteoirí, ní mór miontuairiscí a choimeád ar na imeachtaí agus, áit is cuí achoimre ar ráitis na bpáirtithe, na bhfinnéithe agus an Chathaoirligh.

6.6.10. In imeachtaí ar bith os comhair an Phainéil, beidh cáipéis oifigiúil ar bith de chuid MIE inghlactha mar fhianaise agus glacfar leis go bhfuil na fíricí ann fíor, ach má chruthaítear a mhalairt. Chun críocha na rialach seo cuimsítear le 'cáipéis oifigiúil MIE cóip dheimhnithe d'aon pháipéar scrúdaithe, de script scrúdaithe, tras-scríbhinn torthaí, tuairisc scrúdaitheora agus miontuairiscí ar chruinniú Boird nó Comhairle nó fochoistí ar bith dá gcuid nó Scoil nó Roinn.

6.7. **Éisteachtaí i dtaobh Ciontaí Tromchúiseacha**

6.7.1. Beidh cruinniú ag an bPainéal Fiosrúcháin laistigh de 21 lá ó chion tromchúiseach a bheith curtha ar aghaidh chuige ag an Déan. Ag an gcruinniú sin féadfaidh an Cathaoirleach, dá rogha féin, tréimhse bhreise de nach mó ná 15 lá oibre a dheonú don mhac léinn chun a gcás a ullmhú, má iarrann iad orthu i scríbhinn déanamh amhlaidh.

6.7.2. Ní mór do mhac léinn a bhfuil cion tromchúiseach curtha ina leith freastal i bpearsa le linn na héisteachta le haghaidh a gcáis. Mura dtagann mac léinn i láthair, féadfaidh an Painéal dul ar aghaidh agus déileáil leis an gcúiseamh nó leis na cúisimh agus, má mheasann sé a bheith cuí, pionós a shocrú agus iad as láthair.

6.7.3. Féadfaidh mac léinn ar mian leo déanamh amhlaidh pléadáil ciontach i gcúiseamh nó i gcúisimh ar bith arna ndéanamh ina gcoinne, i bpearsa os comhair an Phainéil nó trí litir a sheoltar chuig an gCathaoirleach roimh an éisteacht. I gceachtar den dá chás sin ní mór don mhac léinn teacht os comhair an Phainéil chun ceisteanna a fhreagairt, agus chun cibé aighneachtaí a dhéanamh, ar mian leo, maidir le hábhar an phionóis, agus bheith curtha ar an eolas faoi chinneadh an Phainéil.

6.7.4. Ní mór don Chathaoirleach an éisteacht a stiúradh i gcomhréir le prionsabail an cheartais aiceanta agus na nósanna imeachta córa. Tar éis dóibh na himeachtaí a oscailt, tabharfaidh an Cathaoirleach cuireadh don Déan agus/nó dá n-ionadaí a chás a chur i láthair an Phainéil. Ansin éistfear leis an mac léinn agus/nó lena n-ionadaí. Áit a nglaofar finnéithe, féadfaidh na páirtithe agus na baill den Phainéal ceistiú, croscheistiú nó athcheistiú a dhéanamh orthu. Nuair a bheidh an fhianaise curtha i láthair, tabharfaidh an Cathaoirleach cuireadh do na páirtithe nó dá gcuid ionadaithe tráchta scoir a dhéanamh don Phainéal. Ansin, i láthair na bpáirtithe, labhróidh an Cathaoirleach leis na baill foirne agus leis na baill mhic léinn den

Phainéal, agus iad ag déanamh achoimre ar an bhfianaise a cuireadh i láthair agus ag tabhairt treoracha maidir leis an gcur chuige ceart i dtreo na fianaise a tugadh ard aird agus maidir lena gcuid feidhmeanna.

6.7.5. Tar éis óráid an Chathaoirligh, rachaidh na baill foirne agus na baill mhic léinn den Phainéal amach chun a mbreith a mheas agus in éagmais an Chathaoirligh agus na bpáirtithe. Ní thabharfar breith ciontach ach má aontaíonn cúigear ar a laghad den seisear painéalaithe leis an mbreith sin. Ainmneoidh an seisear painéalaithe urlabhra eatarthu féin. Nuair a thagann an Painéal ar a chinneadh, fógróidh an t-urlabhra, os comhair an Phainéil, an Chathaoirligh agus na bpáirtithe, breith an Phainéil. Áit a dtugtar breith ciontachta labhróidh an Cathaoirleach leis na painéalaithe faoi na fachtóirí atá ábhartha maidir le pionós cuí a shocrú. Ansin rachaidh an seisear painéalaithe amach arís chun pionós cuí a mheas. Fógróidh a n-urlabhra a gcinneadh, i láthair an Phainéil, an Chathaoirligh agus na bpáirtithe. Má tá an Cathaoirleach den tuairim go bhfuil an phionóis atá beartaithe ultra vires nó míreásúnta, féadfaidh siad iarraidh ar na painéalaithe í a athmheas. Áit nach bhfuil na painéalaithe in ann cinneadh (cinneadh a fhéadfaidh a dhéanamh le tromlach simplí) ar phionóis chuí, is iad an Cathaoirleach a chinnfidh ar an bpionós.

6.7.6. Tar éis go bhfógraítear an phionóis, cuirfidh an Cathaoirleach an mac léinn ar an eolas faoina gceart chun achomharc a dhéanamh leis na Cuairteoirí i gcás go ndearbhaíonn an Bord cinneadh an Phainéil.

6.8. **Éisteachtaí i dtaobh Achomharc**

6.8.1. Tá sé de cheart ag mic léinn achomharc a dhéanamh chun Painéal Fiosrúcháin i gcoinne gach cinnidh agus pionós arna ngearradh orthu ag an Déan, an Leabharlannaí nó Oifigeach MIE eile.

6.8.2. Más mian le mac léinn achomharc a dhéanamh i gcoinne cinnidh nó pionóis den sórt sin, ní mór dóibh, laistigh de sheacht lá oibre ón bhfógra foirmiúil faoin bpionós, fógra achomhairc a sheirbheáil ar an gCláraitheoir, agus na boinn ar a bhfuil an t-achomharc á dhéanamh á sonrú go gairid acu. Ní mór do Chathaoirleach an Phainéil Fhiosrúcháin, chomh luath is féidir, tar éis dóibh an nóta achomhairc a fháil, tuairisc scríofa ghairid ar na cúinsí leis an gcás agus na cúiseanna lena gcinneadh a lorg ón Oifigeach MIE atá i gceist. Ní mór cóip den tuarascáil scríofa sin a chur ar fáil achomharcóir trí lá oibre ar a laghad roimh an éisteacht achomhairc.

6.8.3. Ní mór an éisteacht achomhairc a reáchtáil laistigh de 21 lá oibre ón bhfógra achomhairc a fháil ag an gCláraitheoir. Ní mór fógra scríofa seacht lá oibre ar a laghad a thabhairt don

Achomharcóir faoi dháta agus áit na héisteachta. Ag an am céanna ní mór cóip de na rialacha seo a chur ar fáil dóibh agus iad a chur ar an eolas faoina gceart chun ionadaíochta.

6.8.4. I gcás éisteacht achomhairc roimh Phainéal Fiosrúcháin, is iad an tAchomharcóir nach mór a gcás a chur i láthair i dtús, agus déanfaidh an tOifigeach MIE an méid céanna ina dhiaidh. Beidh an tAchomharcóir i dteideal éisteachta agus iad ag freagairt dó.

6.8.5. Tar éis go dtugtar an éisteacht achomhairc chun críche agus tar éis go labhróidh an Cathaoirleach leis agus go dtabharfaidh siad treoir don seisear painéalaithe, rachaidh na painéalaithe amach chun teacht ar chinneadh go príobháideach. Féadfaidh an Painéal an pionós seasamh leis an bpionós a ghearr an tOifigeach MIE, é a chur i leataobh, a athrú nó a mhéadú. Má mhéadaítear an pionós ní mór nach sáródh sé aon teorainn atá cuí le haghaidh ciontaí achomaire. Áit a bhfuil na baill den Phainéal roinnte go cothrom maidir le cibé acu an ceart an t-achomharc a cheadú nó an pionós a athrú nó a mhéadú, seasfar le cinneadh an Oifigigh MIE ábhartha.

6.8.6. Fógrófar cinneadh an Phainéil i láthair an Chathaoirligh agus na bpáirtithe agus áit nach n-éiríonn leis an achomharc, cuirfidh an Cathaoirleach an tAchomharcóir ar an eolas faoina cheart chun achomharc a dhéanamh chuig na Cuairteoirí.

6.8.7. Ar bhealaí eile, beidh na rialacha nós imeachta i gcás achomharc cosúil leo siúd le haghaidh ciontaí móra an oiread is féidir.

6.9. **Ról an Bhoird**

6.9.1. Beidh sé de dhualgas ar Chathaoirleach an Phainéil tuairisc a thabhairt don Bhord, laistigh de 14 lá oibre, ar fhionnachtana go léir an Phainéil Fhiosrúcháin, cibé acu an mbaineann siad le ciontaí tromchúiseacha líomhanta nó le hachomhairc. Ní mór go mbeadh achoimre ar na himeachtaí agus ar an bhfianaise a tugadh i ngach cás i dtuairisc an Chathaoirligh. Ní mór don Bhord cinneadh a dhéanamh i leith thuairisc an Phainéil Fhiosrúcháin laistigh de 21 lá oibre óna fháil agus ní mór fógra a thabhairt láithreach don mhac léinn le post cláraithe.

6.9.2. Tar éis dó tuairisc an Phainéil Fhiosrúcháin a fháil féadfaidh an Bord, glacadh léi, í a chur ar ais chuig an bPainéal le tuilleadh machnaimh a dhéanamh uirthi nó, mura bhfuiltear ag iarraidh glacadh léi, í a chur ar ais chuig na Cuairteoirí.

6.9.3. Más amhlaidh, i gcás ceana mhóir líomhanta, nach bhfuil an Painéal Fiosrúcháin in ann teacht ar chinneadh, mar shampla áit a bhfuil an vóta roinnte go cothrom, ní mór don Chathaoirleach an fhíric sin a chur in iúl don Bhord Rialaithe a fhéadfaidh,

le toiliú na gCuairteoirí ceapadh an Phainéil Fhiosrúcháin a aisghairm agus iarraidh ar an gCláraitheoir dul ar aghaidh agus Painéal Fiosrúcháin nua a bhunú, mura roghnaíonn an Bord éisteacht leis an gcás é féin.

6.9.4. Murar féidir, ar chúis ar bith Cathaoirleach nó baill mhic léinn nó baill foirne a ceapadh chuig Painéal Fiosrúcháin, féadfaidh an Bord Rialaithe cinneadh ar an ábhar é féin. Má thuairiscíonn an Cathaoirleach nach bhfuil an Painéal Fiosrúcháin in ann dul ar aghaidh, féadfaidh an Bord, le toiliú na gCuairteoirí, ceapadh an Phainéil Fhiosrúcháin a aisghairm, agus cinneadh a dhéanamh faoin ábhar é féin nó Painéal Fiosrúcháin nua a cheapadh. Má chinneann an Bord cinneadh a dhéanamh ar an ábhar é féin, ní mór dó an fheidhm sin a tharmligean chuig fochoiste de chuid an Bhoird nach mór don Chláraitheoir a cheapadh tar éis comhchomhairle. Tabharfaidh an fochoiste tuairisc don Bhord a ghlacfaidh leis an moladh.

6.10. **Achomharc chuig na Cuairteoirí**

Fágtar faoi na Cuairteoirí achomharc in aghaidh chinneadh an Bhoird i gcás ábhair araíonachta. Ní mór do mhac léinn a chur in iúl don Chláraitheoir go bhfuil sé ar intinn acu achomharc a dhéanamh chuig na Cuairteoirí laistigh de thrí seachtaine ó fhógra a fháil faoi chinneadh an Bhoird. Más amhlaidh, laistigh de thréimhse bhreise de dhá sheachtain, nár socraíodh an t-ábhar chun sástacht gach páirtí féadfaidh an mac léinn, laistigh de thréimhse bhreise de sheachtain amháin, an t-achomharc a sheoladh i scríbhinn chuig ceachtar Cuairteoir agus ní mór do na Cuairteoirí an t-achomharc a mheas chomh luath agus is féidir ar aon dul leis an gceartas. Féadfaidh na Cuairteoirí cinneadh an Bhoird a dhearbhú go hiomlán nó i bpáirt, é leasú, nó é a dhearbhú a bheith ar neamhní go hiomlán agus beidh an cinneadh ina cheangal ar gach páirtí. Ní mór cinneadh na gCuairteoirí a chur i bhfeidhm chomh luath agus is féidir go praiticiúil.

6.11. **Rialacha maidir le hAchomhairc i gCoitinne**

6.11.1. Beidh sé de dhualgas ar aon duine nó chomhlacht a ghearrann nó a sheasann le pionós ar mhac léinn iad a chur ar an eolas faoina gcearta chun achomhairc nó achomhairc bhreise.

6.11.2. Ní thiocfaidh aon phionós arna ghearradh ag an Déan, an Leabharlannaí nó an Bord i bhfeidhm go dtí go bhfuil próis chuí an achomhairc thart nó, ait nár lóisteáladh fógra achomhairc, go bhfuil an t-am chun an fógra sin a thabhairt imithe thart.

6.12. **An Coiste Rialacha**

Ó am go chéile féadfaidh an Bord coiste a dhéanamh suas a mbeidh cúram leagtha

air as athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacháin a rialaíonn nósanna imeachta araíonachta. Ní mór go mbeadh an coiste sin tógtha ó réimsí i MIE lena ngabhann an saineolas cuí agus ba cheart go n-aontódh Bord na hInstitiúide agus Aontas na Mac Léinn ar a bhallraíocht.

## 7. Freagracht

7.1. Is iad an Cláraitheoir agus an Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla atá freagrach as an mbeartas seo a chothabháil.

7.2. Is iad an Cláraitheoir agus an Leas-Uachtarán um Ghnóthaí Acadúla atá freagrach as gníomh araíonachta.

## 8. Cáipéisí Gaolmhara

8.1 An Nós Imeachta le haghaidh Cásanna Bradaíola Amhrasta a Chosc agus Freagairt a dhéanamh orthu

8.2 Beartas Chóras na dTeagascóirí

8.3 Nós Imeachta Chóras na dTeagascóirí

8.4 An Beartas um Rochtain ar an Leabharlann agus Iasachtaí

8.5 An Ráiteas um Chosaint Leanaí

8.6 Beartas um Chosaint: Leanaí

8.7 Beartas um Chosaint: Daoine Leochaileacha

8.8 An Beartas um Dhínit agus Mheas

8.9 Polasaí Úsáide Inghlactha TF MIE

8.10 Cód Iompair MIE don Fhoireann & do Mhic Léinn maidir le Córais TF a Úsáid

8.11 An Beartas um Oiriúnacht chun Staidéar a Dhéanamh